Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**8755/18**

**AGRI 222**
**AGRIFIN 42**
**FIN 375**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: Rural Development Programming: less complexity and more focus on results needed [Pleanáil forbartha tuaithe: is gá an chastacht a laghdú agus díriú tuilleadh ar thorthaí]<br>*- Conclúidí ón gComhairle (14 Bealtaine 2018)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: Rural Development Programming: less complexity and more focus on results needed [Pleanáil forbartha tuaithe: is gá an chastacht a laghdú agus díriú tuilleadh ar thorthaí]*

a ghlac an Chomhairle ag an 3615ú cruinniú a bhí aici, ar an 14 Bealtaine 2018.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

# <u>CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE</u>

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***Rural Development Programming: less complexity and more focus on results needed***
***[Pleanáil forbartha tuaithe: is gá an chastacht a laghdú agus díriú tuilleadh ar thorthaí]***

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2017 ón gCúirt, ina bhféachtar ar léiríodh fócas níos mó le creat straitéiseach agus reachtach an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) do na blianta 2014-2020 ar fheidhmíocht, agus ina bhféachtar ar ceapadh pleananna forbartha tuaithe (PFTanna) a bhí ar ardchaighdeán mar thoradh ar an bpróiseas pleanála nua;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE moltaí na Cúirte don Choimisiún, moltaí ar cheart a chur san áireamh agus forbairt á déanamh ar thograí le haghaidh an chéad athchóirithe eile ar CBT, lena n-áirítear an méid a leanas:

– comhsheasmhacht a áirithiú idir PFTanna agus cláir eile ó Chistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIEanna);

– doiciméid phleanála a shimpliú agus líon na gceanglas a laghdú;

– leas a bhaint as an taithí a fuarthas sna tréimhsí pleanála roimhe sin agus foghlaim uathu sin freisin;

– a bheith níos beaichte maidir le cineálacha éagsúla na dtáscairí a shainaithint, tairbhe a bhaint as na dea-chleachtais a bhunaigh údaráis náisiúnta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus, ina theannta sin, cleachtais a chur chun cinn agus a éascú maidir le tomhas feidhmíochta, ar cleachtais iad a forbraíodh ar an leibhéal náisiúnta;

– a áirithiú go ndéanfar PFTanna a fhormheas ag tús na chéad tréimhse pleanála eile;

(3) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt freisin ar ábhair shonracha imní na mBallstát maidir le pleanáil forbartha tuaithe CBT, ar cheart aghaidh a thabhairt ar na hábhair sin sa chéad athchóiriú eile ar CBT, an méid a leanas san áireamh:

– glacadh, pleanáil agus cur chun feidhme na PFTanna, ar cheart iad a shimpliú trí fhorluí a sheachaint i gcás doiciméid phleanála eile amhail comhaontuithe comhpháirtíochta atá ann faoi láthair, agus ba cheart an t-ualach riaracháin atá ar riarthóirí agus ar fheirmeoirí a laghdú;

– ba cheart na tograí reachtacha maidir le beartas forbartha tuaithe i ndiaidh 2020 a ullmhú in am;

– ba cheart tús a chur leis na PFTanna in éindí le dornán rialachán cur chun feidhme iomchuí go luath tar éis fhormheas an chreata reachtaíochta;

– ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar bhonn táscairí agus torthaí atá inchainníochtaithe, intomhaiste agus simplí.